Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, an 5 Meán Fómhair 2024
(OR. en)

12189/24
COR 1

LIMITE

PUBLIC

**Comhadh Idirinstitiúdeach:**
**2024/0159 (NLE)**

PECHE 286

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

Ábhar: Prótacal maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh idir an Comhphobal Eorpach agus Poblacht Ghuine Bissau (2024-2029)

Ar leathanach 1, scriostar an focal 'AISTRIÚCHÁN'.

Cuirtear an leathanach seo a leanas in ionad leathnaigh P/EU/GW/ga 16.

PUBLIC

AIRTEAGAL 12

Comhtháthú eacnamaíoch oibreoirí de chuid an Aontais in earnáil iascaigh Ghuine Bissau

PUBLIC

1. Gabhann na Páirtithe orthu féin comhtháthú eacnamaíoch oibreoirí de chuid an Aontais a chur chun cinn i dtionscadal iascaigh Ghuine Bissau ina iomláine, go háirithe trí chomhfhiontair a bhunú agus bonneagar a thógáil.

2. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile chun feasacht a mhúscailt i measc oibreoirí príobháideacha de chuid an Aontais maidir le deiseanna tráchtála agus tionsclaíocha go háirithe maidir le hinfheistíochtaí díreacha in earnáil iascaigh Ghuine Bissau ina hiomláine.

3. Chun na críche céanna, féadfaidh Guine Bissau dreasachtaí a dheonú d'oibreoirí de chuid an Aontais atá ag gabháil d'infheistíochtaí den sórt sin.

4. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile chun deiseanna infheistíochta agus uirlisí maoiniúcháin a shainaithint chun gníomhaíochtaí nó tionscadail shainaitheanta a chur chun feidhme, go háirithe faoi ionstraimí maoiniúcháin atá ann cheana laistigh den Aontas.

5. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile, a luaithe a chomhlíonfar na coinníollacha teicniúla uile is gá, chun díol gabhálacha a gheobhaidh soithí de chuid an Aontais i nGuine Bissau le margadh an Aontais mar cheann scríbe acu a chur chun cinn.

6. Tacóidh na Páirtithe le meitheal a chur ar bun arb é is cuspóir di tionscadail infheistíochta a shainaithint agus a thionlacan agus an cuardach ar mhaoiniú a éascú, ar bhonn déthaobhach agus iltaobhach araon.

7. Gach bliain, déanfaidh an Comhchoiste tuairisciú ar chur chun feidhme an Airteagail seo.